



<p style="text-align: center;">Coiste na Gaeilge</p> <p style="text-align: center;">Cruinniú Dé hAoine 1 Aibreán 2022, 11.00am Zoom</p>	<p style="text-align: center;">Irish Language Committee</p> <p style="text-align: center;">Meeting Friday 1st April, 11.00am Zoom</p>
<p style="text-align: center;">MIONTUAIRISCÍ</p>	<p style="text-align: center;">MINUTES</p>
<p>I láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – an Dr Noel Ó Murchadha (Cathaoirleach) • Rúnaí an Choláiste – John Coman • Cláraitheoir na Seomraí – an Dr Dónall Mac Dónaill • Reachtaire an Chumann Ghaelaigh – Rebecca Coxon • Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – an Dr Mícheál Hoyne • Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – an Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí) • Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na Matamaitice – an Dr Nóirín Nic a’ Bháird • Ionadaí na Comhairle – an tOllamh Pól Ó Grádaigh • An Leabharlann – Nicole Seabrook • An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Orlaith Tunney • Meantóir na Scéime Cónaithe i láthair don chruinniú seo: Clíodhna Nic Gafraidh 	<p>Present:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha (Chair) • Secretary to the College – John Coman • Registrar of Chambers – Dr Dónall Mac Dónaill • Auditor of An Cumann Gaelach – Rebecca Coxon • Department of Irish & Celtic Languages – Dr Mícheál Hoyne • Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig • Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary) • Faculty of Science, Technology, Engineering and Mathematics – Dr Nóirín Nic a’ Bháird • Representative of Council – Professor Paul O’Grady • Library – Nicole Seabrook • Administrative and Support Area – Orlaith Tunney • Irish Language Residency Scheme mentor present for this meeting: Clíodhna Nic Gafraidh
<p>1. Ballraíocht & Leithscéalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ionadaí an Bhoird – an tOllamh Louis Brennan • Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Aislinn Ní Dhómhnaill • Ionadaí na nDéan – an Dr Anthony O’Connor • Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon 	<p>1. Membership & Apologies:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Representative of Board – Professor Louis Brennan • Students’ Union Irish Language Officer – Aislinn Ní Dhómhnaill • Faculty Dean representative – Dr Anthony O’Connor • Graduate Students’ Union – Gisèle Scanlon
<p>2. Ballraíocht</p> <p>Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Mícheál Hoyne, Ollamh Cúnta nuacheaptha i Roinn na Gaeilge. Guíodh gach rath air ina phost nua agus ina ról ar Choiste na Gaeilge. Gabhadh buíochas leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh as na blianta oibre atá curtha isteach aige ar Choiste na Gaeilge.</p>	<p>2. Membership</p> <p>The Chair welcomed Mícheál Hoyne, newly appointed Assistant Professor in the Department of Irish and wished him every success in his new position and in his role on Coiste na Gaeilge. He also thanked Dr Eoin Mac Cárthaigh for his tireless work on the Coiste over many years.</p>

<p>Fáiltíodh roimh Chlíodhna Nic Gafraigh – meantóir na Scéime Cónaithe a bhí i láthair ag an gcruinniú chun tuairisc a thabhairt ar imeachtaí na Scéime.</p>	<p>Clíodhna Nic Gafraigh was also welcomed. Clíodhna is the mentor for the Irish Language Residency Scheme and was present to report on the scheme’s activities.</p>
<p>3. Miontuairiscí</p>	<p>3. Minutes</p>
<p>Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 6 Nollaig 2021.</p>	<p>The minutes of the meeting held on 6th December 2021 were approved.</p>
<p>4. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Ceathrú Scéim Teanga</p>	<p>4. Official Languages Act and the Fourth Language Scheme</p>
<p>Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) ina dlí i mí na Nollag 2021. I measc na nithe atá luaite san Acht tá an dualgas go mbeadh 20% den fhoireann a earcófar inniúil i nGaeilge faoin 31 Nollaig 2030; go mbeadh 20% den fhógraíocht a dhéanann an ollscoil i nGaeilge agus go ndéanfaí 5% d’aon airgead a chaitear ar fhógraíocht a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh ar na meáin Ghaeilge. D’fhéadfaí ordú a dhéanamh freisin go mbeadh comhlachtaí poiblí in ann ainmneacha daoine i nGaeilge a thaifeadh i gceart agus go n-éascófaí úsáid an tsínte fhada. Tuigtear go n-eagróidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán seisiúin eolais amach anseo agus táthar ag súil go mbeidh siad sin ina gcuidiú don Oifigeach Gaeilge agus don ollscoil maidir le cur i bhfeidhm an Achta.</p> <p>Tá Coiste Comhairleach le bunú faoin Acht a mbeidh sé mar fheidhm aige Plean Náisiúnta a ullmhú maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge. De réir an Achta, roghnófar baill don Choiste sin laistigh de shé mhí ón uair a thagann an Acht i bhfeidhm. Tuigtear go bhfuil daoine á roghnú don Choiste faoi láthair. Tíocfaidh caighdeán teanga in áit na scéimeanna teanga ach beidh roinnt ama ann sula sonrófar na caighdeáin sin.</p>	<p>The Official Languages (Amendment) Act was signed into law in December 2021. Among the items included in the Act is the obligation that 20% of newly recruited staff would be competent in Irish by 31 December 2030; 20% of the university’s advertising would be in Irish and 5% of any money spent on advertising would be used to advertise in the Irish language media. An order could also be made for public bodies to correctly record names in Irish and to facilitate the use of ‘fada’ accent. It is understood that the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media will organise information sessions and it is hoped that these will assist the Irish Language Officer and the university in implementing the Act.</p> <p>An Advisory Committee is to be established under the Act whose function it will be to prepare a National Plan for the provision of public services through Irish. Members of that Committee are due to be selected within six months of the Act coming into law. It is understood that the Committee is currently being selected. Language standards will replace the language schemes but there will be some time before these standards are specified.</p>
<p>5. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge</p>	<p>5. Report of the Irish Language Officer</p>
<p>Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar obair leanúnach na hOifige.</p> <p>An Scéim Cónaithe Tá tionscadail na Scéime curtha i gcrích don téarma seo. Ina measc bhí karaoke i nGaeilge, céilí mór, cláir raidió ar TFM agus agallaimh ar Raidió na Gaeltachta, Éalú na hÉigse (bunaithe ar Jailbreak), agus rang teanga agus cultúir i Halla na Tríonóide do Lá ‘le Pádraig. Beidh Irisleabhar na Scéime á chló an tseachtain seo chugainn agus cuirfear cóip ar fáil do gach mac léinn ag an Oíche Léiriúcháin ar siúl ar an Luan 11 Aibreán.</p> <p>Scéim an Champais agus Scéim na Dara Bliana Tá an próiseas iarratais do Scéim an Champais agus Scéim na Dara Bliana i Halla na Tríonóide oscailte faoi láthair don bhliain acadúil 2022-23. Cuirfear 18 spás ar fáil; 12 spás ar an gcampas agus 6 spás do mhic léinn dara bliana i Halla na</p>	<p>The Irish Language Officer gave an account of the ongoing work of the Office.</p> <p>Irish Language Residency Scheme The scheme’s projects and events have been completed for this term. Among them were karaoke in Irish, a céilí, a radio show on TFM, interviews on Raidió na Gaeltachta, Éalú na hÉigse (based on Jailbreak), and a language and culture class in Trinity Hall for St. Patrick’s Day. The scheme magazine will be published next week, and a copy will be given to all students at the presentation night on Monday 11th April.</p> <p>Campus & Second-Year Irish Residency Scheme The application process for this scheme is currently open for the 2022-23 academic year. 18 spaces will be provided: 12 spaces on campus and 6 spaces for second year students in Trinity Hall. An email has been sent to all undergraduate</p>

Tríonóide. Seoladh ríomhphost go mic léinn fochéime uile na hollscoile agus tá eolas á roinnt ar na meáin shóisialta agus tríd an gCumann Gaelach. Tá sé i gceist go mbeadh na hagallaimh ar an gcampas i mbliana ach go ndéanfar ar líne iad d'aon mhac léinn nach mbeidh ábalta a bheith i láthair.

Moladh don Oifigeach Gaeilge teagmháil a dhéanamh leis an Dr David McGrath le deimniú go mbeadh sé sábháilte agallaimh aghaidh ar aghaidh a dhéanamh le mic léinn.

Scéim na Chéad Bhliana

Tá sé i gceist an próiseas iarratais do Scéim Cónaithe na chéad bhliana i Halla na Tríonóide a oscailt go luath. Seolfar eolas chuig na scoileanna, cuirfear fógra (íochta) ar na meáin (e.g. Tuairisc.ie, IT) agus beidh feachtas fógraíochta ar na meáin shóisialta.

Seomra na Gaeilge

Tá Seomra na Gaeilge oscailte agus ag feidhmiú gan srianta ó dheireadh mhí Eanáir agus cuirtear tae agus caife ar fáil freisin. Caitear cead a lorg ón Oifig Fiosrúcháin agus ó Oifig an Déin Shóisearaigh chun an Seomra a úsáid le haghaidh ócáidí ach níl plean bainistíochta imeachtaí ná measúnú riosca ag teastáil níos mó.

Ranganna Gaeilge

Léirigh torthaí an tsuirbhé a scaipeadh ar fhoghlaimoirí roimh Nollaig gur theastaigh ó bheagnach 73% dóibh (16 as 23 freagra a fuarthas) go bhfanadh na ranganna Gaeilge ar líne do Théarma na Féile Bríde. Mar gheall air sin agus ar na srianta a bhí i bhfeidhm, rinneadh cinneadh le Gaelchultúr go mbeidís ar líne. Tíocfaidh deireadh leis na cúrsaí sin an tseachtain seo chugainn. Beidh soláthraí nua le ceapadh don bhliain acadúil nua.

Mholl ball den Choiste go mbeadh sé úsáideach do dhaoine teacht le chéile ar an gcampas ag deireadh an téarma má leanann na ranganna ar líne amach anseo, go háirithe d'fhoghlaimoirí.

Éigse na Tríonóide 7-11 Feabhra

Maolaíodh srianta Covid-19 an tseachtain roimh Éigse na Tríonóide, rud a chabhraigh go mór toisc nach raibh teorainn leis an líon daoine a bhí ceadaithe ag imeachtaí níos mó, bhí sé ceadaithe imeachtaí a bheith ar siúl tar éis 8pm, ní raibh gá rianú teagmhála ná le scaradh sóisialta, srl. Cuireadh thart ar sé imeacht déag ar siúl le linn na hÉigse. I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh Oifig na Gaeilge bhí plé painéal ar Ghairmeacha le Gaeilge, seisiún eolais faoi intéirneachtaí sa Ghaeltacht, Aifreann, Urnaí Nóna agus Pop-Up Gaeltacht.

Cuireadh fáilte roimh cheathrar aoichainteoirí ag an ócáid Gairmeacha le Gaeilge a reáchtáladh i gcomhar leis an tSeirbhís Gairmeacha agus le Roinn na Gaeilge i Seomra na Gaeilge ar an 7 Feabhra:

students and information is being shared on social media and through the student society, An Cumann Gaelach. It is intended to hold the interviews on campus this year and they will be held online for any student who will be unable to attend in person.

It was suggested to the Irish Language Officer to contact Dr David McGrath to ensure it is safe to conduct face-to-face interviews with students.

First Year Irish Residency Scheme

It is intended to open the application process for this scheme in Trinity Hall shortly. Information will be sent to schools, an advert will be posted in the media (e.g. Tuairisc.ie, IT) and it will be publicised on social media.

Seomra na Gaeilge

The room has been open and operating without restrictions since the end of January and tea and coffee are being provided. Permission must be sought from the Enquiries Office and the Junior Dean's Office to use the room, but an event management plan and risk assessment are no longer required.

Irish Language Classes

The results of the survey circulated among learners before Christmas showed that almost 73% of respondents (16 out of 23 responses received) expressed a preference for Irish classes to remain online for Hilary Term. The classes were held online based on this feedback and on the restrictions that were in place at the time. These courses will end next week. A new provider will be appointed for the new academic year.

A Coiste member recommended that if classes remain online in future, it may be helpful for people to meet on campus at least once per term, especially for learners.

Éigse na Tríonóide 7-11 February

COVID-19 restrictions were eased the week before the Éigse festival and this was very helpful as it meant that there was no limit to the number of people permitted at events, events could take place after 8pm, contact tracing and social distancing were not required, etc. Approximately sixteen events were held during the week. The events organised by the Irish Language Office included a panel discussion on Careers with Irish, an information session on internships in the Gaeltacht, Irish mass, Evensong, and a Pop-Up Gaeltacht.

Four guest speakers were welcomed at the Careers with Irish event which was held in collaboration with Careers Service and the Department of Irish on 7th February:

- Helen Hegarty – Aistritheoir le hAonad na Gaeilge in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin sa Choimisiún Eorpach
- Éanna Ó Caollaí – Eagarthóir Gaeilge an Irish Times agus Eagarthóir Mol Mac Léinn an Irish Times (ceimí TCD)
- Jane O’Connor, Cúntóir Taighde, Ionad ADAPT DCU
- Maria Schaler – Láithreoir Teilifíse le TG4 agus Cúntóir Cláir le RTÉ (ceimí TCD)

Gabhadh buíochas le hOrlaith Tunney, an Dr Eoin Mac Cárthaigh agus Caoimhe Ní Bhraonáin a gcuid oibre agus tacaíochta chun an t-imeacht seo a eagrú.

Thug Mark de Faoite, Stiúrthóir Fiontraíochta, Fostaíochta & Maoine le hÚdarás na Gaeltachta, cuairt ar an gcampas ar an 8 Feabhra. Táthar ag obair le Tangent agus le Mark le roinnt míonna chun deiseanna taithí oibre a chur ar fáil do mhic léinn Choláiste na Tríonóide sna Gaeltachtaí, go háirithe do mhic léinn a thugann faoi Theastas Nuálaíochta agus Fiontraíochta le Tangent. Thug Mark cuairt ar Sheomra na Gaeilge, áit ar labhair sé faoi na hintéirneachtaí atá á gcur ar fáil ag naoi gcliantchomhlacht de chuid an Údaráis do mhic léinn na hollscoile i samhradh 2022. Baineann na poist le hearnálacha na heolaíochta, na hinnealtóireachta, an bhia, na meán, srl. agus beidh siad lonnaithe i nDún na nGall, Gaillimh, Maigh Eo agus Co. na Mí.

Thug mic léinn na Scéime Cónaithe tacaíocht don Aifreann agus don Urnaí Nóna idir léitheoirí, ceoltóirí agus amhránaithe. Bhí an-ócáid sa Pop-Up Gaeltacht inar cuireadh fáilte roimh an ciorcal comhrá ar ais ar an gcampas don chéad uair le dhá bhliain. Reáchtáladh i Seomra na Gaeilge é chun deis agus spás a thabhairt do gach duine bualadh le chéile.

Táthar ag tacú leis an Oifig Cumarsáide chun cur leis an ábhar i nGaeilge a bhíonn ar mheáin shóisialta na hollscoile. Tá céimí de chuid na hollscoile agus iarmhac léinn den Scéim Cónaithe, Oran Donovan, ag obair leo mar ambasadóir i mbliana chun ábhar dátheangach a chruthú. Bhí Oran in ann roinnt d’imeachtaí na hÉigse agus Sheachtain na Gaeilge a léiriú i nGaeilge ar na meáin.

Seachtain na Gaeilge 1-17 Márta

Reáchtáladh imeachtaí i gcomhar leis an gCumann Gaelach agus leis an Scéim Cónaithe ón 1-4 Márta agus ón 14-16 Márta do Sheachtain na Gaeilge. Ní raibh aon imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine staidéir. I measc na n-imeachtaí bhí podchraoladh beo leis na Gaelgals i Seomra na Gaeilge, ceardlann folláine, seisiún eolais ar an bpróiseas iarratais don Scéim Cónaithe, ceardlann leis an tSeirbhís Míchumais maidir le hinrochtaineacht ar na meáin shóisialta, agus ceoldráma an Chumainn Ghaelaigh (“Ó Mo Dhia!” bunaithe cheol ABBA) a léiríodh in Amharclann Players ar feadh dhá oíche. Bhí Pop-

- Helen Hegarty – Translator with the Irish Language Unit in the European Commission DG for Translation
- Éanna Ó Caollaí – Irish Times Irish Language Editor and Editor of the Irish Times Student Hub (Trinity graduate)
- Jane O’Connor, Research Assistant in DCU’s ADAPT Centre
- Maria Schaler – TV Presenter with TG4 and Programme Assistant with RTÉ (Trinity graduate)

Orlaith Tunney, Dr Eoin Mac Cárthaigh and Caoimhe Ní Bhraonáin were thanked for their work and support in organising this event.

Mark de Faoite, Director of Enterprise, Employment & Property with Údarás na Gaeltachta visited campus on 8th February. Work has been ongoing with Tangent and Mark for a number of months to provide work experience opportunities for Trinity students in Gaeltacht areas, especially for students who undertake Tangent’s UG Cert in Innovation and Entrepreneurship. Mark visited Seomra na Gaeilge where he spoke about the internships being provided by nine client companies of the Údarás for Trinity students in summer 2022. These jobs are in the science, engineering, food and media fields, etc. and will be based in Donegal, Galway, Mayo and Meath.

Irish Residency Scheme students supported Irish Mass and Evensong by providing the readings and music. The Pop-Up Gaeltacht was a great success as the conversation circle was welcomed back to campus for the first time in two years. It was held in Seomra na Gaeilge to give everyone the opportunity and space to meet with one other.

Support is being provided to the Communications Office to enhance Irish language content on the College’s social media channels. Trinity graduate and previous Residency Scheme student, Oran Donovan, is working with them as an ambassador this year to create bilingual content. Oran covered some Éigse and Seachtain na Gaeilge events in Irish on social media.

Seachtain na Gaeilge 1-17th March

Events were held in collaboration with An Cumann Gaelach and the Irish Language Residency Scheme from 1-4th March and from 14-16th March for Seachtain na Gaeilge. There were no events during reading week. The events included a live podcast with the Gaelgals in Seomra na Gaeilge, a wellness workshop, an information session on the application process for the Residency Scheme, a workshop with the Disability Service on social media accessibility, and the student society’s musical (“Ó Mo Dhia!” based on ABBA’s music) which was performed in Players’ Theatre for two nights. A Pop-Up Gaeltacht was also held with music provided by Irish

<p>Up Gaeltacht ann ina raibh ceol ó mhic léinn na Scéime Cónaithe agus ó na daoine a fhreastalaíonn ar an gciorcal comhrá.</p> <p>Ciorcal comhrá Tugadh cuireadh do mhuintir an chiorcal chomhrá filleadh ar an gcampas go Seomra na Gaeilge ag tús mhí Feabhra nuair a maolaíodh na srianta maidir le Covid-19. Faoi láthair bíonn sé ar an gcampas gach coicís agus ar líne na seachtainí eile. Sa chaoi seo, bíonn na daoine nach bhfuil in ann a bheith ar an gcampas ábalta a bheith páirteach ann go fóill.</p> <p>Tuairisc Airgeadais Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2021 go Eanáir 2022 curtha ar fáil don Choiste.</p> <p>Tá €40,527.36 caite idir ábhair phá agus neamh-phá don bhliain. Tá buiséad iomlán de €100,452.87 luaite le hOifig na Gaeilge don bhliain, i gcomparáid le €106,500.00 a cuireadh ar fáil anuraidh. Tá sé curtha in iúl ag an Rannóg Seirbhísí Airgeadais go gcuirfeadh thart ar €6,000 breise ar fáil chun tionscadail éagsúla nár cuireadh i gcrích anuraidh de bharr na paidéime a chlúdach.</p>	<p>Residency Scheme students and those who attend the conversation circle.</p> <p>Conversation Circle Participants in the conversation circle were invited to return to campus to Seomra na Gaeilge at the beginning of February when the Covid-19 restrictions were eased. It is currently held on campus every fortnight and online every other week. This means those who cannot come to campus are still able to participate.</p> <p>Financial Report A financial account for the period October 2021 to January 2022 was provided for the Coiste.</p> <p>Expenditure stands at €40,527.36 including pay and non-pay items. The budget for the year stands at €100,452.87 compared with €106,500.00 last year. FSD has stated that an additional approx. €6,000 will be provided in recognition that some projects were not completed last year due to the pandemic restrictions.</p>
<p>6. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh</p> <p>Rinne Reachtaire an Chumainn cur síos ar obair an Chumainn i dTéarma na Féile Michíl:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Reáchtáil an Cumann dhá imeacht ar a laghad in aghaidh na seachtaine. I measc na n-imeachtaí a cuireadh ar siúl i rith an téarma bhí eachtraí na hÉigse agus Sheachtain na Gaeilge, rang Gaeilge i gcomhar le Cumann na Mac Léinn Idirnáisiúnta, Geandáil Ghasta, Manchán Magan i gcomhar le Environmental Soc, léiriú an cheoldráma in Amharclann Players agus an Bál Gaelach. Tá an Cruinniú Ginearálta Bliantúil le teacht ina dtoghfar coiste nua. • Bhí an Cumann an-ghníomhach ar na meáin shóisialta arís agus reáchtáladh comórtas orthu chun ticéad don Bhál Gaelach a bhuanach chun an t-imeacht a chur chun cinn. Cinntíodh i gcónaí go raibh na postálacha inrochtana trí úsáid a bhaint as úsáid as téacs malartach, fotheidil, físeáin bheo agus grafaicí inléite. • Ainmníodh an Cumann i seacht gcatagóir as naoi gcatagóir do Ghradaim Lárchoiste na gCumann. Bronnadh an Gradam um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas (Disability Inclusion Award) orthu as an obair rinneadh chun tús áite a thabhairt do chúrsaí rochtana i mbliana. • Bhronn Glór na nGael Duais Tras-Teorann ar an gCumann as na naisc atá cruthaithe leis an gCumann Gaelach in Ollscoil Connecticut agus an Cumann Ceilteach i nDún Éideann, an tacaíocht a tugadh do 	<p>6. An Cumann Gaelach Report</p> <p>The Auditor reported on the society's work in Michaelmas term:</p> <ul style="list-style-type: none"> • The society held at least two events per week this term. Among the events held were those for Éigse na Tríonóide and Seachtain na Gaeilge, an Irish language class with the International Students' Society, speed dating, guest speaker Manchán Magan in collaboration with Environmental Soc, the production and performance of the society's musical in Players' Theatre and the Irish Ball. • The society was very active on social media once again and an online competition was held to win a ticket for the Irish Ball and to promote the event. Consideration was always given to ensure that posts were accessible using alternative text, subtitles, live videos, and readable graphics. • The society was nominated in seven out of nine categories for the CSC's Society of the Year Awards. It was awarded with the Disability Inclusion Award for its work in prioritising accessibility this year. • The society were also awarded Glór na nGael's Cross-Border Award for the links it has made with the An Cumann Gaelach student society in the University of Connecticut, the Celtic Society in Edinburgh, the support it has provided to students campaigning in Queens University, and the new group created for its overseas members, 'Cumann Thar Sáile'. As a result of this prize, the society could not be considered for the best Irish language

<p>mhic léinn in Ollscoil na mBanraíona agus iad i mbun feachtais, agus an grúpa nua a cuireadh ar bun do bhaill an Chumainn atá thar lear, 'Cumann Thar Sáile'. Dá bharr sin, ní raibh an Cumann in iomaíocht chun an chéad duais a bhaint ach don Chumann Gaelach is fearr sa tír, gradam atá faighte le roinnt mhaith blianta anuas.</p> <ul style="list-style-type: none"> Bronnfaidh Conradh na Gaeilge boinn don scéim Gníomhaí Gaeilge sula i bhfad. Is córas aitheantais atá ann do dhaoine aonair, Cumainn Ghaelacha, agus Aontais na Mac Léinn as an obair a dhéantar chun an Ghaeilge a chur chun cinn. 	<p>student society competition, an award it has received for many years.</p> <ul style="list-style-type: none"> Conradh na Gaeilge will shortly present medals for its Gníomhaí Gaeilge scheme. It is a system to recognise individuals, student societies and student unions for their work in promoting the Irish language.
<p>7. Tuairisc Aontas na Mac Léinn</p> <p>Ní raibh Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn (AML) i láthair ag an gcuirniú ach cuireadh tuairisc scríofa ar fáil don Choiste. Bhí cur síos sa tuairisc ar an obair aistriúcháin a bhíonn ar bun do na ríomhphoist sheachtainiúla, féil Éigse na Tríonóide, cás-obair atá ar bun le mic léinn, agus athbhreithniú a bheith á dhéanamh ar Pholasáí Gaeilge an Aontais.</p>	<p>7. Students' Union Report</p> <p>The SU Irish Language Officer was not present at the meeting but provided a written report to the Coiste. The report outlined the translation work being carried out for the weekly emails, the Éigse na Tríonóide festival, casework with students, and a review of the SU's Irish Language Policy.</p>
<p>8. Tuairisc ó mheantóir na Scéime Cónaithe</p> <p>Rinne meantóir na Scéime cur síos ar ghníomhaíochtaí mhic léinn na Scéime Cónaithe i rith na bliana.</p> <ul style="list-style-type: none"> Baineann na príomhdhualgais le maoirseacht a dhéanamh ar Sheomra na Gaeilge, tacú leis an gciorcail comhrá agus bíonn tionscadal nó imeacht le cur i gcrích in aghaidh an téarma chun an Ghaeilge a chur chun cinn san ollscoil agus i Halla na Tríonóide. Rinneadh cur síos ar na gníomhaíochtaí a d'éagraigh na mic léinn thar na bliana. Ina measc bhí feachtais ar na meáin shóisialta, spórt, seisiún ceoil le TradSoc, tráth na gceist, biongó, Éalú na hÉigse (tóraíocht taisce), karaoke, céilí le DU Dance agus rinneadh taifeadadh ar phodchraoladh leis na Gaelgals atá le fáil anois ar Spotify agus ar Raidió RíRá. Ghlac roinnt mac léinn páirt i gceoldráma an Chumainn freisin. Bhí na mic léinn gníomhach ar na meáin leis an bhfeachtas Daonra na Scéime ar na meáin shóisialta, clár raidió rialta ar TFM, agus dhá agallamh ar dhá chlár éagsúil de chuid Raidió na Gaeltachta. Rinneadh sraith físeán ar Tiktok maidir le cur síos ar lá i saol na Scéime, agus na dealbha ar an gcampas chomh maith le físeán inar múineadh téarmaíocht Gaeilge bainteach leis an ngairdín agus leis an bhfarraige. Tá an tirlislabhar ullmhaithe ag ceann de na grúpaí le tacaíocht ó na mic léinn uile agus cuimsíonn sé grianghraf agus próifíl de gach mac léinn, nótaí ón meantóir agus ón Oifigeach Gaeilge, mar aon le cur síos ar ghníomhaíochtaí na bliana. 	<p>8. Mentor of the Irish Language Residency Scheme</p> <p>The Irish Language Residency Scheme mentor presented on the students' activities this year.</p> <ul style="list-style-type: none"> The main duties relate to overseeing Seomra na Gaeilge, supporting the conversation circle, and one project or event is carried out in each term to promote the Irish language in College and in Trinity Hall. The activities organised by students throughout the year were listed. These included social media campaigns, sport, a music session with TradSoc, a quiz, bingo, Éalú na hÉigse (treasure hunt), karaoke, a céilí with DU Dance, and a podcast was recorded with the Gaelgals which is now available on Spotify and on Raidió RíRá. A number of students also participated in An Cumann Gaelach's musical. Students were active online with the Humans of the Scéim campaign on social media, a regular radio show on TFM, and two interviews on two different shows on Raidió na Gaeltachta. A series of videos was produced for Tiktok which included a feature on a day in the life of a scheme student and on Trinity's statues, as well as videos teaching Irish language terminology related to gardening and the sea. The scheme magazine has been prepared with input from all students and includes a photo and profile of each one, a note from the mentor and the Irish

<ul style="list-style-type: none"> • Thacaigh na mic léinn le himeachtaí i rith na hÉigse agus Sheachtain na Gaeilge. 	<p>Language Officer, as well as a description and images of the year's activities.</p> <ul style="list-style-type: none"> • The students supported events which took place for Éigse na Tríonóide agus Seachtain na Gaeilge.
<p>9. Seomra na Gaeilge</p> <p>Tá moltaí agus dréachtphleananna curtha ar fáil ag an gcomhlacht ailtireachta bunaithe ar an staidéar féidearthachta a rinneadh ar Sheomra na Gaeilge i mí na Samhna 2021. Áiríonn siad an dá mholadh thíos. Táthar ag fanacht anois ar na costais a bhaineann leis na moltaí sin.</p> <p>a) Ardaitheoir cóngarach do chúldoras an fhoirgnimh, trasna ó na cúirteanna leadóige agus sacair. D'fhéadfadh sé seo freastal ar thrí urlár ag cúl an fhoirgnimh agus ar spásanna lasmuigh de Sheomra na Gaeilge.</p> <p>b) Ardaitheoir aice le doras an Bhutraigh. D'fhreastalódh sé seo ar láithreacha ag tosach an fhoirgnimh.</p>	<p>9. Seomra na Gaeilge</p> <p>Architects have provided recommendations and draft plans based on the feasibility study carried out on Seomra na Gaeilge in November 2021. These include the recommendations listed below. The Irish Language Officer is waiting on the costs associated with these proposals to be provided.</p> <p>a) Elevator near the back entrance to the building across from tennis and soccer courts. This could serve three floors of the building and spaces other than Seomra na Gaeilge only.</p> <p>b) Elevator near the main entrance door to the Buttery. This would serve spaces to the front of the building.</p>
<p>10. Aon ghnó eile</p> <p>Luadh leis an gCoiste go bhfuil sé i gceist cruinnithe a bheith ar an gcampas amach anseo. Iarradh ar bhaill teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge dá mba rud é go raibh tuairimí acu air sin, go háirithe dá mbeadh fadhb acu leis.</p>	<p>10. Any other business</p> <p>The Coiste was informed that it is intended to hold meetings on campus in future. Members were asked to contact the Irish Language Officer if they have any thoughts on this, especially if they have any issue with it.</p>